Union of Students in Ireland
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

# FORÓGRA NA MAC LÉINN





Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Uachtarán | 2 |
| Tithíocht agus Iompar | 3 |
| Rochtain ar Oideachas | 7 |
| Daonlathas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta | 13 |
| Folláine na Mac Léinn agus Ionchuimsitheacht | 17 |
| Gaeilge | 21 |
| Buíochas | 25 |

# Réamhrá

## ón Uachtarán

Agus an t-olltoghchán ag teannadh linn, tá dúshláin roimh mhic linn ar fud na tíre nach féidir neamhaird a thabhairt orthu. Tá gluaiseacht na mac léinn bunaithe ar ár dtuairimí a chur chun tosaigh i gcónaí, agus is é an forógra seo an tslí a sheasaimid an fód maidir leis na saincheisteanna is tábhachtaí dúinne.

Tá an chóiríocht ar cheann de na cúiseanna imní is mó do mhic léinn faoi láthair. Tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra teacht ar áiteanna cónaithe atá inacmhainne agus sábháilte agus staidéar ar siúl agat. Tá go leor mic léinn ag streachailt agus caithfidh athrú teacht air sin. Táimid ag iarraidh ar an gcéad rialtas eile tús áite a thabhairt do chóiríocht do mhic léinn agus é a dhéanamh níos inacmhainne do gach duine.

Ar deireadh, cuirimid fáilte roimh an laghdú €1,000 ar tháillí mac léinn, ach níl ann ach céim shealadach. Is éard atá uainn ná plean fadtéarmach chun deireadh a chur le táillí go hiomlán sna cúpla bliain amach romhainn. Ba chóir go mbeadh oideachas saor in aice agus inrochtana do chách, ní a bheith mar ualach airgeadais. Ní mór an laghdú sealadach seo a dhéanamh buan agus é a leathnú níos mó chun tacaíocht ceart a thabhairt do mhic léinn.

Príomh-shainchesit eile is ea cúram sláinte trasach. Tá sé tuillte ag gach mac léinn go bhfaightear an cúram atá de dhíth orthu, agus faoi láthair bíonn moill fhada agus bacainní roimh mhic léinn thrasacha maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúram sláinte bunúsacha. Níl sé sin i gceart, agus tá córas cúram sláinte níos fearr, níos ionchuimsithí a oibríonn do gach duine á iarraidh againn.

Tá an forógra seo bunaithe ar todhchaí níos fearr a dhéanamh do gach mac léinn. Le chéile, is féidir linn a bheith meáite ar fhíorathrú a fháil sa toghchán seo agus i ndiaidh sin.





# TITHÍOCHT AGUS IOMPAR

# Cóiríocht Saintógtha do Mhic Léinn

Is é an t-easpa infhaighteachta maidir le cóiríocht do mhic léinn an tsaincheist is mó roimh mhic léinn faoi láthair, go háirithe de réir mar a ardaíonn líon na mac léinn a bhfuil oideachas tríú leibhéal á lorg acu go leanúnach. Le roghanna tithíochta teoranta, tá sé ag éirí níos deacra ar go leor mic léinn cóiríocht slán, inacmhainne agus oiriúnach a fháil gar dá gcoláistí agus dá n-ollscoileanna. Tá ganntanas ann maidir le cóiríocht saintógtha do mhic léinn (CSML), rud a fhágann go mbíonn iomaíocht dhian ann do spásanna atá ar fáil, agus tá margadh na gcíosanna príobháideacha ag éirí níos costasaí de bharr éileamh an-mhór agus infhaighteacht teoranta. Mar thoradh ar an easpa cóiríochta do mhic léinn, b'éigean do go leor mic léinn comaitéireacht a dhéanamh agus a bheith i socruithe cónaithe dainséaracha, rud a chuireann am, costas agus brú lena saol agus a théann i bhfeidhm ar an gcumas a bhíonn orthu a bheith go hiomlán rannpháirteach i ngníomhaíochtaí acadúla agus sóisialta.

Ní hamháin go bhfuil an t-easpa cóiríochta do mhic léinn seo ag cur isteach ar shaol laethúil na mac léinn ach tá sé ag cur le fadhbanna meabhairshláinte níos leithne freisin. Mothaíonn go leor mic léinn trína chéile agus imníoch mar thoradh ar an mbrú a bhaineann le háit chónaithe a aimsiú, mar aon le hualaigh airgeadais de bharr praghsanna cíosa arda. Chuaigh roinnt acu i mbun bearta míchuibheasacha, amhail a bheith ina gcoladh i gcarranna nó ar tholg, rud a ghéaraíonn míshocracht na gcúinsí maireachtála. Tá tionchar diúltach ag an míshocracht ar fheidhmíocht acadúil agus eispéireas coláiste na mac léinn, agus iad ag streachailt a bheith ag díriú ar a gcuid staidéir agus éiginnteacht os a gcomhair maidir lena gcúinsí maireachtála. Gan idirghabháil shuntasach, is dóchúil go bhfanfaidh infhaighteacht cóiríochta do mhic léinn ina dúshlán criticiúil in Éirinn.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim cóiríochta do mhic léinn agus smaointí follasacha a thabhairt chun cinn maidir leis an gcaoi a réiteofar an ghéarchéim, lena n-áirítear plean straitéiseach agus tiomantas chun easnamh leapacha a thógáil.**

# Digs

Breathnaíonn formhór na mac léinn ar *digs* mar rogha deireanach. É sin ráite, de bharr an géarchéim leanúnach cóiríochta do mhic léinn, is é *digs* an t-aon rogha atá ann do mhic léinn. An chúis leis sin ná go bhfuil CSML príobháideach inacmhainne agus tá cóiríocht ar champas teoranta.

Téann na mic léinn seo a bhíonn in *digs* príobháideach isteach i gcúinsí dainséaracha toisc nach mbíonn aon chosaintí dlíthiúla acu. Is féidir le húinéir tí iad a chur amach as an teach taobh istigh d'fhógra aon uair an chloig agus is féidir leo cearta príobháideacha a dhiúltú. Is minic a dhéantar é seo gan chead a thabhairt dóibh a ndoras a chur faoi ghlas nó srian a chur ar rochtain a bheith acu ar áiseanna. Níor chóir go mbeadh mic léinn buartha faoin bhféidearthacht a bheith ann go gcaithfear amach iad ar an lá céanna agus ba chóir go mbeadh suaimhneas intinne acu.

- **USI/AMLÉ urges the next government to pass legislation to protect those who enter *digs*.**

# Beartas Iasachta OT

Ní mór go mbeidh méadú suntasach ar thógáil CSML ar an gcampas agus ní mór go mbeidh cumas ag gach Institiúid Ardoideachais (IA) chun maoiniú a fháil chun tógáil a dhéanamh. Is cliseadh iomlán é diúltú an rialtais maidir le cead a thabhairt d'ollscoileanna teicneolaíochta (OTanna) airgead a fháil ar iasacht. Ní féidir le OTanna airgead a fháil ar iasacht chun tógáil a dhéanamh, mar sin b'éigean do mhic linn iompú ar an margadh príobháideach, fágann sin go mbíonn costais cíosa míréasúnta ard nó timaistear fada acu.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile an reachtaíocht a athrú chun cead a thabhairt do OTanna airgead a fháil ar iasacht chun tógáil agus ceannach cóiríochta do mhic léinn a éascú.**

## Tithíocht Inacmhainne do Mhic Léinn

Tá tionchar ag an ngéarchéim tithíochta agus an drochthionchar iarmhartach a bhíonn aige ar gach leibhéal den tsochaí, mic léinn san áireamh. Chuaigh praghsanna cóiríochta in airde go pras le blianta beaga anuas agus cé go bhfuil Criosanna Brú Cíosa (CBC) ag cuidiú le smacht a choimeád ar an mborradh praghais, tá formhór na cóiríochta do mhic léinn costasach go neamh-mheasartha. Rinneadh tráchtairí ag an Rialtas reatha maidir le tús nua a chur le cóiríocht do mhic linn, agus maíodh go mbeadh sciar de na seomraí inacmhainne. Níor sainíodh an réimse praghais maidir le cad a mheastar atá inacmhainne, áfach. Do mhic léinn, is féidir le inacmhainneacht a bheith éagsúil agus ní mór go mbeadh praghas indéanta i bhfeidhm.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile srian ar chíos a thabhairt isteach do chóiríocht do mhic léinn chun é a dhéanamh níos inacmhainne do gach mac léinn trí é a shocrú ag aon trian den íosphá.**

## Cáin Maoine Foilmhe

De réir daonáireamh na bliana 2022, tá breis agus 160,000 maoin fholamh in Éirinn. D'fhéadfadh na maoine seo líon suntasach tithe a chruthú, ghlanfadh sin an liosta tithíochta agus chuirfeadh sé cóiríocht ar fáil d'ár ndaonra gan dídean atá ag dul i méid. Níl Cáin Maoine Foilmhe ach trí oiread an cháin mhaoine áitiúil, rud a chiallaíonn go bhfuil na maoine seo folamh agus go bhfuil cáin chomh híseal le €270 in aghaidh na bliana á bailiú. Má táimid dáiríre faoin ngéarchéim tithíochta a réiteach, is bealach amháin é na maoine foilmhe seo a athchóiriú chun an ganntanas tithíochta a mhaolú gan an gá tógáil a dhéanamh ó bhonn.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile an Cháin Maoine Foilmhe a ardú ionas gur gcuirtear stop leis na foirgnimh seo a bheith ann gan aon úsáid agus is féidir iad a úsáid chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil teach de dhíth orthu.**

## Iompar Poiblí Saor in Aisce

Mar thoradh ar an ngéarchéim leanúnach cóiríochta do mhic léinn, b'éigean do líon mic léinn atá ag dul i méid timaistir fhada a dhéanamh chun an choláiste. Tá roinnt mic léinn ag caitheamh níos mó ná 4 uair in aghaidh an lae ag comaitéireacht chun freastal ar a léachtaí, rud a chuireann imní chun cinn maidir le hiompar poiblí. B'éigean do mhic léinn níos mó ná €600 a chaitheamh ar iompar poiblí amháin. Chun an t-ualach airgeadais a laghdú agus chun a n-eispéireas coláiste a chur chun cinn, ní mór don rialtas iompar poiblí saor in aisce a sholáthair. Tá an bharúil go ndéanfadh mic léinn "turais neamhriachtanacha" míchruinn, mar níl ach ag teastáil ó na mic léinn ná a bheith in ann comaitéireacht a dhéanamh chuig an agus ón gcoláiste. Agus easpa iontaofachta ann maidir le hiompar le blianta beaga anuas le moill, cealuithe agus busanna a théann ar strae, d'fhéadfadh seo mic linn a fhágáil sáinnithe gan aon bhealach abhaile. Ba chóir níos mó busanna 24 uair a chloig a thabhairt isteach ionas nach mbíonn brú ar mhic léinn faoin mbus deireanach a chailliúint agus leis na busanna sin ba chóir go mbeidh daoine tiomnaithe chun deireadh a chur le haon mí-iompar sóisialta.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile iompar poiblí saor in aisce a thabhairt isteach do mhic léinn agus chun soláthar busanna 24 uair an chloig a ardú.**

# Tithe Sóisialta agus Inacmhainne do Chách

Tá ról fíorthábhachtach ag an tithíocht sóisialta chun tithe inacmhainne, seasmhach a sholáthar do dhaoine agus teaghlaigh ísealioncaim nach bhfuil tithíocht d'acmhainn acu trí mhargadh na gcíosanna príobháideacha. Is líontán sábhála riachtanach é a chuidíonn le cosc a chur ar easpa dídine agus laghdaíonn sé easpa muiníne maidir le tithíocht, cuireann sé áit shlán ar fáil do dhaoine agus ligeann sé dóibh a n-acmhainní teoranta a dháileadh ar riachtanais bhunúsacha eile amhail bia, oideachas agus cúram sláinte. Agus géarchéim suntasach tithíochta ar bun, tá an t-éileamh maidir le tithíocht sóisialta tar éis dul i méid go tapa, rud a fhágann go bhfuil go leor daoine ar liostaí feithimh fada. Mar thoradh ar an easpa tithíochta inacmhainne, tá an t-easpa dídine agus brú airgeadais ar theaghlaigh ag dul i méid, rud a ghéaraíonn bochtaineacht agus neamhionannas.

Ní mór tús áite a thabhairt do thógáil tithe sóisialta a chur san áireamh agus aghaidh á thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta. Cé go raibh roinnt iarrachtaí le déanaí, níl an luas forbartha tar éis freastal go fóill ar an éileamh do thithíocht sóisialta atá ag dul i méid. Trí níos mó tithíochta sóisialta a thógáil, is féidir linn seasmhacht fhadtéarmach a sholáthar do na mílte daoine agus a chinntiú nach bhfuil na daoine leochaileacha fágtha ar lár. Dá ndéanfaí infheistíocht ar an tithíocht sóisialta, laghdófaí an t-ualach airgeadais ar sheirbhísí éigeandála, ar dhídean agus cóiríocht shealadach agus bheadh úsáid níos éifeachtaí ann á bhaint as cistí poiblí mar thoradh. Chuideodh leathnú tithíocht sóisialta le margadh na gcíosanna a shocrú tríd an brú ar éileamh do thithíocht phríobháideach a mhaolú, agus cíosanna níos inacmhainne do chách mar thoradh.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a ardú go suntasach.**

# Comharthithíocht do Mhic Léinn

Is samhail tithíochta í comharthithíocht do mhic léinn ina ndéanann mic léinn a gcóiríocht a bhainistiú agus a chothabháil le chéile, iad ag roinnt freagrachtaí amhail cócaireacht, glanadh agus cinnteoireacht i dtimpeallacht chomhoibritheach, neamhbhrabúis. Sa chóras sin, íocann mic léinn cíos níos ísle ná roghanna tithíochta traidisiúnta toisc go mbíonn na costais bunaithe ar fhíorchostais an chomharthithíocht a rith seachas praghsanna faoi thionchar an mhargaidh nó brabúis tiarnaí talún. Cothaíonn comharthithíocht braistint pobail, cuirtear comhoibriú agus braistint freagrachta comhroinnte chun cinn i measc na gcónaitheoirí. Trí acmhainní a chur i dtoll a chéile, is féidir le mic léinn socrú cónaithe níos inacmhainne, níos ionchuimsithí agus féinchothaithe a chruthú, ina gcothaítear comhthacaíocht agus ina gcuirtear an t-eispéireas coláiste foriomlán chun cinn. Cuireadh an tsamhail sin i bhfeidhm go rathúil i dtíortha eile amhail an Eilvéis agus RA, tá réiteach á sholáthar ar an nganntanas tithíochta agus tá mic léinn á gcumasú chun a bheith rannpháirteach i mbainistiú agus i gcothabháil a dtithíocht féin ag an am céanna.

Ní mór don chéad rialtas eile comharthithíocht a fhiosrú mar réiteach inmharthana ar an ngéarchéim tithíochta leanúnach. De réir mar a ardaíonn an cíos agus tá cóiríocht saintógtha do mhic léinn fós neamhleor, cuireann comharthithíocht rogha inacmhainne ar fáil a théann i ngleic go díreach leis na dúshláin a bhíonn roimh mhic léinn. Trí thacú le forbairt na comharthithíochta, is féidir leis an rialtas cuidiú leis an mbrú a bhíonn ar mhargadh na gcíosanna, leis an spleáchas a bhíonn ar thiarnaí talún príobháideacha costasacha a laghdú agus le mic léinn a sholáthar le roghanna tithíochta níos seasmhaí. Anuas air sin, tá comharthithíocht do mhic léinn i gcomhréir le spriocanna níos leithne inbhuanaitheachta agus tógáil phobail, cónaí comhfhiosach a chur chun cinn agus an scoiteacht shóisialta a bhíonn roimh mhic léinn a laghdú.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile infheistíocht a dhéanamh i gcomharthithíocht mar rogha inmharthana ar thithíocht do mhic léinn agus a chinntiú go ndéantar Bille na gComharchumanna rith.**



# ROCHTAIN AR OIDEACHAS

## Deireadh a chur le Táillí

In Éirinn, tá na táillí is airde ag mic léinn d'ardoideachas san Aontas Eorpach. Is bac suntasach iad na táillí seo ar an oideachas, b'éigean do roinnt mic léinn moill a chur ar a gcuid staidéir agus cuirtear cosc ar mhic léinn eile rochtain a fháil ar ardoideachas. Cuireann na táillí seo dúshláin airgeadais fhadtéarmacha ar mhic léinn agus a dteaghlaigh go háirithe i dteaghlaigh ina mbíonn níos mó ná páiste amháin ag freastal ar oideachas tríú leibhéal. Chomh maith leis sin, is minic a chuireann an táille ranníocaíochta mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle i gcoinne tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal mar gheall ar na bacainní airgeadais a chruthaíonn sé. Idir chostas na dtáillí, na cóiríochta agus chostais eile a bhíonn rompu in oideachas tríú leibhéal, ní hacmhainn do na daoine sin a gcuid oideachais a chur chun cinn. Is minic go mbíonn ar na daoine a chuireann a gcuid oideachais chun cinn obair pháirtaimseartha nó fiú lánaimseartha a dhéanamh chun greim a choinneáil faoin bhfiacail. Bíonn tionchar aige seo, go foriomlán ar fheidhmíocht acadúil agus folláine ghinearálta na mac léinn agus iad ag iarraidh cothromaíocht a fháil maidir leis an gcoláiste, obair agus an saol pearsanta. Caithfimid breathnú ar oideachas mar cheart, ní mar tháirge atá le díol ná le ceannach.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile deireadh a chur le táillí tríú leibhéal chun rochtain chothrom a sholáthar agus chun bacainní airgeadais a laghdú, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar go leor mic léinn tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal.**

## Soghluaisteacht Thuaidh-Theas

Bíonn easpa faisnéise tromchúiseach roimh mhic léinn ar an dá thaobh den teorainn maidir le tabhairt faoi ardoideachas taobh amuigh dá ndlínse agus faoi choibhéiseacht ghráid. Ní bhíonn mórán eolais ag mic léinn i bPoblacht na hÉireann maidir le córas UCAS agus bíonn siad caillte nuair a dhéanann siad fiosrú ar an smaoineamh chun rochtain a fháil ar oideachas i dTuaisceart na hÉireann. Bíonn sé mar an gcéanna do mhic léinn ó Thuaidh nuair a thagann sé chomh fada leis an CAO agus freastal ar institiúid ó dheas. Is bac suntasach do shoghluaisteacht na mac léinn ar an oileán é an t-easpa faisnéise agus tacaíochta seo maidir le tuiscint a bheith ann maidir leis an tslí a bhfuil an dá chóras éagsúil óna chéile. Anuas air sin, tá an t-easpa maoinithe do threoirchomhairleoirí díobhálach maidir leis na deiseanna a bhíonn acu rochtain a fháil ar oideachas taobh amuigh dá ndlínse. Cruthaíonn an córas grádaithe míbhuntáiste freisin do mhic léinn ó Thuaidh, toisc go n-áirítear ábhar Ardteistiméireachta amháin mar aon trian de luach ábhar A-leibhéil. Bíonn díluacháil ar thorthaí na n-A-leibhéal i gcomparáid le torthaí na hArdteistiméireachta mar thoradh air sin.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile suíomh gréasáin lárnach a chruthú ina mbeidh mic léinn in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na hinstitiúidí ar fad ar fud oileán na hÉireann, faoi choibhéiseacht ghráid, agus faoi chórais UCAS agus CAO.**

## Athchóiriú SUSI

Tá SUSI in úsáid mar mheicníocht chun tacú le mic léinn chun rochtain a fháil ar oideachas tríú leibhéal, is léir de réir a chéile go bhfuil sé as dáta agus go bhfuil gá le hathchóiriú cuimsitheach, áfach. Cé go soláthraíonn SUSI tacaíocht airgeadais riachtanach, tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go bhfuil ag teip ar an gcóras reatha dul i ngleic le riachtanais shíorathraitheacha na mac léinn, go háirithe leis an ngéarchéim costais maireachtála agus an t-ardú leanúnach boilscithe. Tá rátaí reatha na ndeontas cothaithe uafásach easnamhach, ní chlúdaítear ach codán an-bheag de na costais a bhíonn roimh mhic léinn amhail cóiríocht, ar a bhfuil méadú ollmhór tagtha le blianta beaga anuas. Tá na heasnaimh seo á dhéanamh níos deacra do mhic léinn tabhairt faoi ardoideachas agus fágtar iad siúd atá ag tabhairt faoi ag streachailt chun greim a choinneáil faoin bhfiacail.

Ceann de na saincheisteanna is práinní le córas SUSI ná an t-easpa forálacha cuí do mhic léinn neamhspleácha agus mic léinn nach bhfuil teagmháil acu lena muintir, cohórt a bhíonn bacainní casta rompu agus tacaíocht airgeadais á lorg acu ó SUSI. D'fhéadfadh sé nach mbeadh aon teagmháil ag na mic léinn seo lena dtuismitheoirí mar gheall ar chliseadh caidrimh agus bítear ag súil go gcuirfeadh siad fianaise shonrach ar fáil mar gheall ar an eascairdeas, is minic gur uafás sáraitheach, casta agus anacrach é sin. Tá ag teip ar an gcóras freisin chun freastal ar mhic léinn ar líne agus páirtaimseartha, iad á bhfágáil ar lár maidir le buntáistí SUSI in ainneoin níos mó éilimh do roghanna staidéir níos solúbtha. Is minic a bhíonn rochtain diúltaithe nó moillithe ar an gcúnamh airgeadais riachtanach mar thoradh ar an bpróiseas sin, fágann sin mic léinn in áit leochaileach maidir le tabhairt faoina n-oideachas.

Chomh maith leis sin, tá an critéar chun a bheith incháilithe mar neamhspleách dian agus is minic a dhéantar measúnú míchothrom orthu bunaithe ar ioncam a dtuismitheoirí, cé nach bhfaigheann siad aon tacaíocht airgeadais uatha.

Lena chois sin, tá sé ríthábhachtach go léiríonn an tacaíocht airgeadais a thugtar dóibh an costas maireachtála, lena n-áirítear na táillí do staidéar iarchéime atá ag dul in airde. Mura dhéantar an coigeartú seo, beidh deacrachtaí airgeadais roimh go leor mic léinn, rud a chuirfidh bac ar a rathúlacht acadúil agus féidearthachtaí amach anseo. De réir mar a théann costais oideachais i méid, ní mór don tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil do mhic léinn amhlaidh a dhéanamh, go háirithe de réir mar a ardaíonn táillí iarchéime go bliantúil.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile athchóiriú iomlán a dhéanamh ar SUSI agus teacht ar réitigh do na saincheisteanna agus an neamhréireacht atá i bhfeidhm faoi láthair.**

## Stipend for all PhD Students

Tá ról ríthábhachtach ag mic léinn PhD chun aschur taighde na hÉireann a chur chun cinn agus caighdeán na hoibre acadúil a ardú ar fud an oileáin. É sin ráite, tá éagothroime fhollasach idir iad siúd a fhaigheann stipinn arna tacú ag an rialtas agus iad siúd a bhraitheann ar mhaoiniú ó chuideachtaí, institiúidí ardoideachais (IAnna), foinsí seachtracha, nó fiú féinmhaoiniú. Is cúis imní é an neamhionannas sin i leith an chostais maireachtála atá ag dul i méid, a bhfuil tionchar aige ar gach mac léinn.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile íos-stipinn de €28,000 a bhunú do mhic léinn PhD, ina chinnteofar cothromas ar fud na hearnála agus ina thabharfar aitheantas don obair riachtanach a dhéanann taighdeoirí PhD do thírdhreach acadúil agus taighde na hÉireann agus ina leantar ar aghaidh leis an stipinn a ardú ionas go mbeidh sé i gcomhréir le híosphá.**

# Táillí Iarchéime

Tá an t-ardú bliantúil leanúnach i dtáillí iarchéime ag cruthú bacainní airgeadais agus sóisialta do mhic léinn chun rochtain a fháil ar oideachas iarchéime. Baineann sé seo de thiomantas na hÉireann agus misean do chomhionannas san oideachas. Ní hacmhainn do go leor mic léinn a bhfuil tallann acu freastal ar an gcoláiste, gan a bheith in ann leanúint ar aghaidh lena n-aistear acadúil de bharr bacainní airgeadais.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile deireadh a chur le táillí iarchéime chun rochtain comhionann ar ardoideachas a chinntiú do chách.**

# Mic Léinn Iarchéime Idirnáisiúnta

Tá Éire ar cheann de na tíortha is costasaí do mhic léinn idirnáisiúnta chun tabhairt faoi oideachas iarchéime, bíonn táillí géara os comhair mhic léinn AE agus neamh-AE araon. Cuireann an t-ualach airgeadais seo tallann idirnáisiúnta ó staidéar a dhéanamh anseo, rud a d'fhéadfadh tírdhreach acadúil agus cultúrtha na hÉireann a shaibhriú.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile deireadh a chur le táillí iarchéime idirnáisiúnta, rud a dhéanfadh Éire níos inrochtana agus ina ceann scríbe mealltach do mhic léinn domhanda.**

# PhD Idirnáisiúnta (IRP)

Bíonn dúshláin airgeadais nach beag ar mhic léinn idirnáisiúnta atá ag staidéar in Éirinn, ní hamháin leis na táillí teagaisc, ach le costas daor na víosaí agus Cead Cónaitheach Éireannach (IRP). Bíonn ualach breise i bhfeidhm ar mhic léinn leis na costais seo mar tá siad ag streachailt leis an gcostas maireachtála cheana féin, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar mhealltacht na hÉireann mar cheann scríbe do scoláirí idirnáisiúnta.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile an costas a bhaineann le Cead Cónaitheach Éireannach a chlúdach do mhic léinn idirnáisiúnta agus tuilleadh tacaíochta a sholáthar maidir leis an bpróiseas víosa, rud a chinnteodh go bhfanfaidh Éire mar áit fháilteach do thallann idirnáisiúnta.**

# Íocaíocht le haghaidh costais socrúcháin

Do go leor cúrsaí, is cuid éigeantach é socrúchán den chéim. Is féidir leis seo a thuilleadh costais a chur ar mhic léinn, lena n-áirítear an gá chun cóiríocht bhreise a shocrú, éide a cheannach agus costais taistil a chlúdach. I gcásanna áirithe, bíonn brú ar mhic léinn cothromaíocht a fháil idir poist pháirtaimseartha agus socrúcháin neamhíoctha, rud a chuireann níos mó brú orthu. Is féidir leis na costais seo a bheith in a ualach airgeadais, go háirithe dóibh siúd atá ag déileáil le táillí agus costais mhaireachtála.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile a chinntiú go ndéanfaí íocaíochtaí faoi SUSI do mhic léinn atá ag freastal ar shocrúchán mar chuid dá gcéim.**

# Bí tiomanta do mhaoiniú a thabhairt don bhearna

An tiomantas Maoiniú don Todhchaí (nó *Funding the Future*) a sholáthar ina iomlán chun an bhearna de €307m in aghaidh na bliana i gcroímhaoiniú a dhúnadh a aithníodh agus nach raibh ach ardú de 106m air. Dá ndéanfaí an bhearna sin a líonadh, thabharfaí deis d'ollscoileanna an cóimheas mac léinn-foireann a chur i gcomhréir le meán AE27 de 17:1, rud a chuirfeadh deireadh le conarthaí paireachta agus chuirfeadh sé deireadh le méadú leanúnach na dtáillí máistreachta agus na cóiríochta ar an gcampas.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile maoiniú a ardú san oideachas chun a bheith mar an gcéanna leis an meán de 5.7% OTI a chaitear i dtíortha ECFE ar oideachas ó luath-óige go tríú leibhéal, de réir mar a léiríonn na figiúirí ó 2021, ní chaitear ach 2.8% in Éirinn.**

# Printísigh

Ceann de na príomhbhacainní a chuireann cosc ar dhaoine tabhairt faoi phrintíseach ná an t-ualach airgeadais a ghabhann leis. Murab ionann agus fostaíocht traidisiúnta, is minic go mbíonn easpa dearbhaithe ann maidir le híosphá, rud a dhéanann cúrsaí deacair do phrintísigh ag iarraidh tacaíocht a thabhairt dóibh féin le linn an chláir. In go leor cásanna, bíonn ar phrintísigh táille clárúcháin pro rata a íoc don tréimhse oideachais dá bprintíseacht, rud a chuireann sraith eile leis an ualach airgeadais. Leis an táille seo, chomh maith le costas cóiríochta, iompair agus uirlisí agus trealamh riachtanacha, cruthaítear go leor constaicí ar féidir lagmhisneach a chur ar ábhair phrintíseach óna oiliúint a chur i gcrích nó fiú é a thosú.

Is dúshlán faoi leith é an chóiríocht, mar d'fhéadfadh go mbeadh ar phrintísigh athlonnú go sealadach le bheith in aice le hionaid oiliúna nó ionaid oibre, go minic gan tacaíocht airgeadais dóthanach. Is féidir le costais taistil a charnadh freisin, go háirithe má bhíonn ar phrintísigh comaitéireacht fhada a dhéanamh go rialta idir a soláthraí oiliúna agus a fhostaí. Anuas air sin, is minic a bhíonn printísigh freagrach as a n-uirlisí agus a dtrealamh féin a cheannach, is féidir leis sin a bheith costasach ag brath ar an gceird nó an tionscal ina bhfuil oiliúint á déanamh acu.

Is féidir leis na constaicí airgeadais seo a bheith iomarcach, go háirithe dóibh siúd ó chúlraí ioncaim níos lú, bíonn ar go leor daoine a mbíonn tallann acu éirí as an bprintíseacht go luath nó seachnaíonn siad iarratas a dhéanamh. Tá sé riachtanach go rachfar i ngleic leis na constaicí seo chun córas printíseachta níos inrochtana agus níos ionchuimsithí a chruthú, lena gcinntítear go bhfuil deiseanna d'fhorbairt scileanna agus dul chun cinn sa ghairm bheatha ar fáil do gach duine, beag beann ar a gcás airgeadais.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an rialtas deireadh a chur le táillí clárúcháin pro rata lena gcinntítear go bhfuil pá maireachtála á íoc chuig na printísigh.**

# Costais Fholaithe

Leis an méadú leanúnach ar an gcostas maireachtála in Éirinn, tá an scoilt maidir le comhionannas deise taobh istigh den oideachas ag fás. Anuas ar tháillí teagaisc, tá go leor costais fholaithe a bhaineann le cúrsa,ar féidir níos mó brú a chur ar mhic léinn agus téann sé sin i bhfeidhm ar a bhfeidhmíocht acadúil. Is féidir go n-áireofaí leis sin earraí riachtanacha amhail bogearraí, ábhar cruthaitheach agus teicneolaíocht, a bhíonn ag teastáil chun a bheith go hiomlán rannpháirteach in obair an chúrsaí ach ní chuirtear san áireamh iad sna táillí cláir ar dtús.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an rialtas coláistí a spreagadh chun a bheith níos trédhearcaí maidir leis na costais bhreise seo chun a chinntiú go ndéantar iad a chlúdach mar chuid de tháille iomlán an chúrsa agus cruthú Ciste Chruthaitheach tiomnaithe a éileamh. Sholáthródh an chiste sin cuidiú do mhic léinn atá sé ag teastáil uatha, agus chuideodh sé leo rochtain a fháil ar na hacmhainní riachtanacha le bheith rannpháirteach in obair chruthaitheach agus theicniúil.**





# DAONLATHAS AGUS GNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn

# Athchóiriú Vótálaithe

Spreag an togra chun an aois vótála a ísliú go 16 in Éirinn díospóireacht maidir leis an riachtanas saoránaigh níos óige a mhealladh sa phróiseas polaitiúil. Áitíonn an dream atá i bhfabhar go bhfuil daoine atá 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois aibí go leor chun tuiscint a bheith acu ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar díreach acu orthu agus a bheith in ann cur leo amhail oideachas, athrú aeráide agus tithíocht. Dá n-ísleofaí an aois vótála spreagfadh sé an bhaint a bhíonn ag daoine sa pholaitíocht go luath, chothódh sé sin rannpháirtíocht fad saoil sa daonlathas.

Ar an lámh eile, léiríonn cáinteoirí imní faoi má tá an taithí saoil riachtanach nó feasacht pholaitiúil ag daoine ag an aois seo chun cinntí eolacha a dhéanamh. Agus leithéidí OSSP agus an t-ábhar nua polaitíochta agus sochaí, tá oideachas á chur ar níos mó agus níos mó daoine óga maidir leis an bpróiseas polaitiúil agus an chaoi a n-oibríonn polaitíocht ar oileán na hÉireann.

Tá vótáil ag 16 tugtha isteach ag tíortha amhail an Ostair agus Albain cheana féin, léirigh sé go bhféadfadh líon níos mó daoine atá ag vótáil a bheith mar thoradh air mar aon le litearthacht pholaitiúil ardaithe i measc na n-óg. Agus níos lú ná 50% dóibh siúd cláraithe ag teacht amach chun vóta a chaitheamh, tá an líon is lú daoine ag vótáil do thoghchán áitiúil ná mar a bhí riamh, léiríonn sé sin an gá leis an bpróiseas vótála a athrú agus é a dhéanamh níos éasca agus níos inrochtana.

Is athchóiriú eile é clárúchán vótálaithe uathoibríoch a tarraingíodh aird air le blianta beaga anuas. Éilítear ar shaoránaigh clárú chun vóta a chaitheamh leis an gcóras reatha, d'fhéadfadh líon níos lú vótálaithe a bheith ann mar thoradh ar chonstaicí riaracháin nó easpa feasachta. Dhéanfadh clárúchán uathoibríoch cuíchóiriú ar an bpróiseas trí shaoránaigh incháilithe a chlárú nuair atá siad incháilithe chun vótáil nó nuair a dhéanann siad a gcuid faisnéis pearsanta a nuashonrú, amhail tríd iarratas ceadúnais tiomána nó seirbhísí sóisialta. Áitíonn tacadóirí go mbeadh córas toghcháin níos ionchuimsithí agus ionadaíche mar thoradh air sin, agus tá cáinteoirí buartha mar gheall ar phríobháideachas sonraí agus an féidearthacht maidir le hearráidí. Tá sé mar aidhm ag an dá mholadh cleachtais daonlathas na hÉireann a nua-aoisiú agus vótáil a dhéanamh níos inrochtana do gach saoránach.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile vótáil a athrú in Éirinn, lena n-áirítear an aois vótála a ísliú agus clárúchán uathoibríoch a thabhairt isteach.**

# An Phalaistín

Faoi láthair, táimid ag féachaint ar an gcinedhíothú is mó doiciméadaithe i stair an duine. Leis na hainghníomhartha leanúnacha sa Phalaistín, tá gníomhartha millteanacha á bhfeiceáil againn atá á dhéanamh ag Stát Iosrael. Ní mór don chéad rialtas eile gníomhú ina leith chun tacú le muintir na Palaistíne.

Tá pian agus fulaingt dhoshamhlaithe roimh mhuintir na Palaistíne de dheasca Iosrael. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an chéad rialtas eile tiomanta chun cuidiú le muintir na Palaistíne trí bheart a dhéanamh (a rachaidh go mór i bhfeidhm orthu), amhail deireadh a chur le tuirlingt eitleán míleata in Aerfort na Sionainne. Le roinnt míonna anuas, tógadh faoi deara go bhfuil eitleáin SA atá cúnamh míleata á soláthair acu go hIosrael ag baint úsáid as Aerfort na Sionainne chun stadanna a dhéanamh agus chun athbhreoslú. Ní mór deireadh a chur leis sin go mbeidh Éire ag seasamh go hiomlán le muintir na Palaistíne.

Bealach eile a bhféadfadh an chéad rialtas eile cuidiú le muintir na Palaistíne ná Baghcat, Dífheistiú agus Smachtbhannaí a dhéanamh ar tháirgí Iosraelacha atá á ndíol i siopaí. Sna 80idí, rinneadh gníomhú comhchosúil i gcoinne an Afraic Theas apartheid agus bhí cosc ar iompórtáil táirgí ar fad ón Afraic Theas mar thoradh, rud a léirigh nach seasann Éire leis an tíoránach. Anuas air sin, ní mór an Bille um Chríocha faoi Fhorghabháil a achtú anois chun cosc a chur ar thrádáil agus tacaíocht eacnamaíocht leo siúd sna lonnaíochtaí forghabhála mídhleathacha.

Ba chóir go mbeadh mic léinn ón bPalaistín in ann leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir faoi scoláireachtaí, cosúil leis an méid a rinneadh do mhic léinn a bhí ag teitheadh ón Úcráin.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile chun tacú go hiomlán le muintir na Palaistíne agus a gcuid fulaingt i gcoinne an réimeas Iosraelach leatromach agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcoimhlint.**

## Díchoiriúlú Drugaí

De réir mar a bhogann Éire isteach i ré nua, ní mór beart cinntitheach a dhéanamh chun drugaí áineasa a dhíchoiriúlú. Tá an cosc reatha as dáta, na mílte á gcoiriúlú in aghaidh na bliana do mhionsheilbh agus ualach á chur ar ár gcóras dlí. Laghdódh díchoiriúlú aon ionchúiseamh neamhriachtanach, dhéanfadh sé acmhainní luachmhara Gardaí a shaoradh, agus thabharfadh sé seans cothrom do dhaoine i leith fostaíochta, oideachais agus tithíochta gan stiogma taifead coiriúil a bheith ort. Ní hamháin go ndéanfadh an beartas seo ár ndlíthe a nua-aoisú ach dhíreodh sé ar laghdú díobhála agus saoirse phearsanta.

Trí dhrugaí áineasa a dhíchoiriúlú, beidh Éire in ann níos mó maoinithe a chur isteach i gcláir laghdaithe díobhála in ionad na daoine sin a chur i bpríosún. Tá sé léirithe ag tíortha amhail an Phortaingéil agus go leor stát S.A. mar thoradh ar dhíchoiriúlú go mbíonn torthaí sláinte poiblí níos fearr, níos lú fadhbanna sóisialta agus laghdú maidir le díobháil a bhaineann le drugaí. Is mithid anois d'Éire cur chuige atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh a thugann tús áite do shábháilteacht, sláinte poiblí agus cothroime do chách.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile drugaí áineasa a dhíchoiriúlú d'úsáid phearsanta.**

## Tabhair Dúinn an Oíche (*Give Us the Night!*)

Tá brú curtha ag srianta agus reachtaíocht rialtais ar gheilleagar oíche na hÉireann, tá go leor ionaid ag dúnadh mar thoradh. Tá drochthionchar aige seo ar eispéireas na mac léinn, ní féidir le go leor acu taitneamh a bhaint as an taobh sóisialta den choláiste de bharr costas agus ionaid theoranta. Anuas air sin, mar thoradh ar an easpa tionscnamh sábháilteachta oíche, bíonn leisce ar go leor mic léinn a bheith rannpháirteach sa gheilleagar oíche, toisc nach mothaíonn siad sábháilte i gcathracha, i mbailte ná in ionaid. Chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo, tá leasú cuimsitheach ó bhonn maidir le dlíthe ceadúnaithe, athrú ar uaireanta oscailte agus cur i bhfeidhm bearta sábháilteachta ag teastáil go géar.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile gealltanas a thabhairt go ndéanfaí athchóiriú iomlán ó bhonn ar na dlíthe ceadúnaithe reatha, lena n-áirítear deireadh a chur leis an gcóras maidir le hOrdú Díolúine Speisialta agus go gcuirfí ceadúnais bhliantúla nó mhíosúla ina áit.**

## An Bille um Bás Dínitiúil

Tá an Bille um Bás Dínitiúil i gcomhréir le luachanna féinriar phearsanta agus comhbhá. Thabharfaí an rogha maidir le bás cuidithe do dhaoine a bhfuil galar a mbáis orthu faoin mbille seo, agus faoiseamh á thabhairt dóibh ó fhulaingt fhadtéarmach agus bheadh rogha a bhfuil dínit ag baint leis acu agus meath dosheachanta rompu. Is féidir le tinneas foirceanta a bheith ina chúis fulaingt fhisiceach agus mhothúchánach nach bhféadfadh cúram maolaitheach a laghdú go hiomlán do roinnt daoine. Trí thacú leis an reachtaíocht seo, thabharfadh an rialtas saoirse do dhaoine mar gheall ar a gcúram deireadh saoil, agus meas á léiriú ar an gceart atá acu maidir le féinriar coirp agus a gcinniúint ag cuid de na huaireanta is leochailí dá saol.

Tá sé mar aidhm leis an mbille sin córas cúraim sláinte na hÉireann a uasdátú trí dhul i ngleic leis an tsaincheist a bhfuil go leor aird domhanda tarraingthe uirthi. Tá sé léirithe ag Ceanada, an Bheilg agus an Ísiltír gur féidir leo dlíthe báis chuidithe a chur i bhfeidhm leis na cosaintí cuí. Dearbhaítear leis na cosaintí nach féidir ach le daoine áirithe a bhaineann critéar dian amach rochtain a fháil ar bhás cuidithe, rud a chuireann cosc ar mhí-úsáid agus meas a léiriú ar chearta na ndaoine atá ag fulaingt. Trí thacú leis an mBille um Bás Dínitiúil, is féidir leis an rialtas roghanna truachroíocha a chur ar fáil do shaoránaigh a bhfuil galar a mbáis orthu, léiríonn an méid seo cur chuige níos daonna agus níos forásaí i leith cúraim deireadh saoil.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile tacú leis an mBille um Bás Dínitiúil agus a chinntiú go dtabharfar isteach sa reachtaíocht é sa chéad téarma Dála eile.**

# Athchóiriú an tSeanaid

Is saincheist í athchóiriú an tSeanaid a mbíonn díospóireacht fúithi le fada an lá, mar theach uachtarach an Oireachtais, bítear ag cáineadh an tSeanaid mar gheall ar an easpa daonlathais agus cumhachtaí teoranta a shíltear. Breathnaíonn daoine (éagsúla) ar bhallraíocht reatha an tSeanaid mar éilíteach, agus toghthóirí cúng aici, lena n-áirítear céimithe ollscoile áirithe agus is iad painéil ghairme áirithe a thoghann formhór na gcomhaltaí. Éilíodh in go leor tuarascálacha agus tograí le blianta anuas go ndéanfaí athruithe ar an gcóras toghcháin, amhail na toghthóirí a leathnú chun gach saoránach a áirithiú, rud a fheabhsódh a ról maidir le reachtaíocht a mhionscrúdú agus a fheidhmíocht a fheabhsú mar scrúdú ar chumhacht an rialtais.

Le cliseadh reifreann 2013 maidir le deireadh a chur leis an Seanad, cé go raibh saincheisteanna ag saoránaigh maidir lena struchtúr reatha, léiríodh go bhfuil tacaíocht ann chun teach uachtarach a choimeád ar bhealach éigin.

Níos luaithe sa bhliain seo, rinne AMLÉ/USI go leor moltaí don Chomhchoiste Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don Tuarascáil maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta Bhille Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) (Leasú), 2024. Chuireamar fáilte roimh na hathruithe a moladh don phainéal ollscoile, creidimid gur chóir don Seanad leanúint ar aghaidh ag athrú chun a chineál daonlathach agus inrochtana a fheabhsú, áfach.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile tiomantas a thabhairt d'athchóiriú iomlán Seanaid chun go mbeadh sé níos daonlathaí, lena n-áirítear an 11 ainmnithe do Thaoiseach a bhaint agus deis a thabhairt do gach saoránach vótáil sa Seanad.**

# Neodracht

Léirítear neodracht na hÉireann lenár dtiomantas maidir le síocháin, daonlathas agus neamhspleáchas i leith gnóthaí domhanda. Ní mór reifreann a reáchtáil chun neodracht na hÉireann a chumhdach sa Bhunreacht mar léiriú soiléir agus daonlathach ar thoil na ndaoine. Bunchloch is ea traidisiún seanbhunaithe neodracht mhíleata na hÉireann maidir lena beartas eachtrach, agus síocháin agus taidhleoireacht á gcur chun cinn ar an ardán domhanda. É sin ráite, níl an beartas sin ráthaithe leis an mbunreacht, fágann sin go bhfuil sé leochaileach i leith tírdhreacha polaitiúil atá ag athrú nó brúnna seachtracha. Trí reifreann a reáchtáil, déanann saoránaigh na hÉireann cinneadh go foirmeálta maidir le todhchaí na neodrachta, agus cinntítear go bhfuil cosaint ag an ngné thábhachtach seo d'fhéiniúlacht náisiúnta do ghlúnta atá le teacht.

Le blianta beaga anuas, tá grinnscrúdú athnuaite i gceist do sheasamh neodracht na hÉireann mar gheall ar theannas domhanda agus cineál athraitheach comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta. Cé go dtacaíonn go leor daoine Éireannacha le neodracht, tá neamhchinnteacht ann mar gheall ar a stádas dlíthiúil agus an treo atá beartaithe di. Ní hamháin go soiléireodh reifreann staid an náisiúin ach neartódh sé tiomantas na hÉireann i leith síochána, neamhailínithe agus iarrachtaí daonnúla.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile reifreann a reáchtáil chun neodracht na hÉireann a chumhdach sa Bhunreacht.**



# FOLLÁINE NA MAC LÉINN AGUS IONCHUIMSITHEACHT

# Pá Maireachtála

Tá go leor mic léinn atá ag streachailt chun greim a choinneáil faoin bhfiacail mar gheall ar íocaíocht íseal agus fo-íosphá a bhfuil tionchar díréireach aige ar dhaoine óga agus iad siúd atá ag obair go páirtaimseartha. Cuireann an éagothroime idir an íosphá agus ioncam maireachtála cosc ar mhic léinn costais bhunúsacha a chlúdach, bíonn éagobhsaíocht airgeadais ann le linn a gcuid staidéir mar thoradh. Is mó seans go mbeidh mic léinn a bhfuil cruatan airgeadais orthu ag obair ar feadh uaireanta fada nó is mó seans go dtabhódh siad, bíonn drochthionchar aige sin ar a bhfeidhmíocht acadúil agus ar a bhfolláine. Tá gá le feabhsuithe pá le cinntiú go bhfuil gach mac léinn in ann maireachtáil agus iad ag staidéar.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile rátaí fo-íosphá a bhaint agus an t-íosphá a shocrú chuig an pá maireachtála.**

# Tacaíochtaí do Mheabhairshláinte

Tá meabhairshláinte na mac léinn imithe in olcas ó Phaindéim Covid19, le rátaí imní, dúlagair agus fadhbanna meabhairshláinte eile ann go forleathan fós.

Tá an creat maoinithe do sheirbhísí meabhairshláinte san ardoideachas neamhleor, fágann sin go mbíonn seirbhísí comhairleoireachta agus cúram sláinte gann ar fhoireann agus gann ar mhaoiniú ar an gcampas. Cuireann sé ualach ar an gcóras de bharr cóimheas comhairleoir-mac léinn íseal, titeann sé sin faoi chaighdeáin shábháilteachta idirnáisiúnta. Mar thoradh, fágtar mic léinn leochaileach gan rochtain ceart a bheith acu ar na seirbhísí meabhairshláinte riachtanacha. Tá córas tacaíochta meabhairshláinte a bhfuil lear acmhainní aige agus infhaighte go héasca ríthábhachtach do mhic léinn a bhíonn dúshlán acu le linn a gcuid ama san ardoideachas. Gan mhaoiniú leanúnach, ilbhlianta agus béim ar an gcóimheas comhairleoir-mac léinn a ísliú, leanfaidh an córas reatha ar aghaidh leis na mic léinn a bhfuil sé ag teastáil uatha an méid is mó a ligean síos.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile croímhaoiniú ilbhlianta a sholáthar do sheirbhísí meabhairshláinte na mac léinn chun an cóimheas comhairleoir go mac léinn a ardú go 1:1000.**

# Tacaíochtaí do Mhic Léinn atá ag teitheadh ó Limistéir Choinbhleachta

Is mian le AMLÉ/USI go gcloífidh Éire lena cáil dhomhanda mar thír ina mbíonn 'céad míle fáilte romhat' trí chaitheamh le lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe atá ar tóir saol níos fearr le cineáltas. Tá feabhsuithe suntasacha ag teastáil maidir le rochtain ar oideachas tríú leibhéal do lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe. Tá córas oideachais na hÉireann éagórach agus éagothrom do lucht iarrtha tearmainn.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile scoláireachtaí ag an tríú leibhéal a ardú do dhídeanaithe agus iad in Éirinn agus maoiniú á thabhairt do IAnna chun a acmhainneacht a ardú do dhídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn.**

# Sláinte Ghnéis

Bíonn constaicí suntasacha roimh mhic léinn maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte bunriachtanacha. Is minic go mbíonn mic léinn idirnáisiúnta, ó mhionlach eitneach agus LADTA+ ag streachailt chun cúram a fháil atá maith go leor ó thaobh cultúir de a fhreastalaíonn ar a riachtanais uathúla. Tá rochtain ar sheirbhísí gnéis teoranta, fágann sin go leor mic léinn gan na hacmhainní riachtanacha do chosaint agus do chóireáil. Tá leathnú an rochtain ar sheirbhísí sláinte gnéis, lena n-áirítear frithghiniúint saor in aisce, tástáil STI, agus oideachas sláinte gnéis thar a bheith tábhachtach chun folláine mic léinn a chur chun cinn.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile seirbhísí cúram sláinte a leathnú ar an gcampas, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis.**

## Bochtaineacht Mhíostraithe

Bíonn bochtaineacht mhíostraithe á fulaingt ag go leor mic léinn, bíonn orthu rogha a dhéanamh idir táirgí sláinte bunriachtanacha agus riachtanais eile a cheannach. Is saincheist é seo a théann i bhfeidhm go díréireach ar mhic léinn ísealioncaim agus a bhaineann an bonn óna gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán ina n-oideachas. Ba chóir go mbeadh táirgí míostraithe ar fáil in aon spás poiblí d'aon duine a mbíonn siad ag teastáil uatha, lena gcinntítear nach bhfágtar aon mhac léinn gan táirgí sláinte bunriachtanacha.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile deireadh a chur le bochtaineacht mhíostraithe trí tháirgí míostraithe saor in aisce agus inrochtana a sholáthar.**

## Tacaíochtaí do Mhic Léinn Mionlaigh Eithneacha

Bíonn dúshláin uathúla roimh mhic léinn mionlaigh eithneacha go minic le linn a gcuid staidéir, amhail bacainní cultúrtha, leithcheala agus ciníochais agus easpa ionadaíochta á fheiceáil acu sna seirbhísí tacaíochta ag an am céanna. Is annamh a léiríonn seirbhísí meabhairshláinte agus tacaíochta éagsúlacht riachtanais na mac léinn. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn rochtain ag mic léinn ar spásanna sábháilte agus comhairleoirí ábhartha i taobh cultúrtha de, amhail mic léinn a iarrann comhairleoirí sonracha ó thaobh inscne.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile grúpaí tacaíochta do mhic léinn mionlaigh eithneacha ar fud gach Instituúid Ardoideachais (IAnna) agus seirbhísí comhairleoireachta inniúla i dtaobh cultúir a sholáthar.**

## Cúram Ginmhillte

Cé go bhfuil cúram ginmhillte dleathach in Éirinn, tá easnamh ann go fóill maidir le tacaíochtaí inrochtana, faisnéis agus suíomhanna seirbhísí go háirithe do mhic léinn. In ainneoin an chreata dhlíthiúil atá i bhfeidhm anois, bíonn dúshláin roimh go leor daoine, go háirithe taobh istigh de dhaonra na mac léinn, chun cúram ginmhillte tráthúil agus imleor a fháil. Is féidir le rochtain ar sheirbhísí a bheith neamhsheasmhach, gan mhórán nó aon soláthraí áitiúil i roinnt áiteanna, agus iallach á chur ar mhic léinn taisteal i bhfad chun cúram a fháil—constaic atá dúshlánach go háirithe dóibh siúd gan iompar iontaofa ná na hacmhainní airgeadais chun na costais taistil a chlúdach.

Agus go leor mic léinn ag streachailt leis an gcostas maireachtála cheana féin, bíonn sé níos deacra orthu na costais bhreise a bhaineann le seirbhísí gaolmhara a bheith d'acmhainn acu, lena n-áirítear comhairliúchán, cógais agus iompar. Ina theannta sin, is féidir leis an ualach mothúchánach a bhaineann le cás atá dúshlánach cheana féin gan an tacaíocht imleor a bheith iomarcach ar fad.

Gan chórais tacaíochta chuimsitheacha agus inrochtana i bhfeidhm, d'fhéadfadh mic léinn moill a chur ar chúram a fháil, rud a ardaíonn an riosca aimhréidhe agus an anacair mhothúchánach. Chun a chinntiú go bhfuil na roghanna sláinte atá de dhíth ag mic léinn, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear feabhas ar inrochtaineacht faisnéise, go leathnófar suíomhanna seirbhísí agus go soláthrófar líonraí tacaíochta airgeadais agus mothúchánacha dóibh siúd a bhíonn ag lorg cúraim ginmhillte.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile go gcinntítear go mbíonn rochtain iomlán ar sheirbhísí ginnmhillte, lena n-áirítear níos mó faisnéise, suíomhanna seirbhíse leathnaithe agus tacaíochtaí airgeadais agus mothúchánacha chun bacainní a bhaint do mhic léinn atá ag lorg cúraim.**

# Cúram Sláinte Trasinscne

Bíonn bacainní suntasacha airgeadais go minic roimh mhic léinn trasinscne maidir le cúram dearbhaithe inscne, athruithe ainm dlíthiúla agus seirbhísí meabhairshláinte, nach bhfuil clúdaithe go minic ag maoiniú traidisiúnta ná sláinte árachais. Bíonn tionchar nach beag ag an ualach airgeadais agus tréimhsí feithimh maidir le cúram dearbhaithe ar mheabhairshláinte agus folláine na mac léinn seo. Tá sé mar fhís ag AMLÉ/USI go bhfeicfear córas sláinte atá oiriúnach don fheidhm agus cumasach maidir le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn le linn a n-oideachas tríú leibhéal agus ina dhiaidh. Tá cruthú córas iontaofa riachtanach le cinntiú go bhfaigheann mic léinn cúram sláinte ar ardchaighdeán gan aon amhras.

Rangaíodh Éire mar an tír is measa san AE i measc na 27 mballstát maidir le cúram sláinte trasinscne agus Cúram Dearbhaithe Inscne sa bhliain 2022. Ba iad Transgender Europe (TGEU) a chuir an rangú sin ar fáil, grúpa maoinithe ag AE, a dhéanann feachtas maidir le "dímhiotasú a dhéanamh ar fhéiniúlachtaí trasacha agus inscne éagsúil".

Chuideodh bunú ciste-T na hualaigh seo a éascú, agus cinnteofar go bhfuil rochtain comhionann ag gach mac léinn ar na hacmhainní a bhfuil ag teastáil uatha chun leas a dhéanamh dóibh go hacadúil agus go pearsanta. Bheadh ciste dá leithéid ina chéim fhollasach maidir le tacú le folláine mhic léinn trasinscneacha agus timpeallacht campais níos ionchuimsithí agus níos tacúla a chothú.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile an tsamhail chúraim sláinte trasinscne reatha a athchóiriú ó bhonn agus a bheith i gcomhréir le moltaí TGEU agus WPATH agus Ciste-T a bhunú do gach IA.**




# GAEILGE

# Cúrsaí Tríú Leibhéal

Tuairiscíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas nach raibh ach 59 cúrsa tríú leibhéal a múineadh trí Ghaeilge nó ina raibh an Ghaeilge mar ábhar iontu sa bhliain 2021/2022, agus 1,779 mac léinn cláraithe, is ionann sin agus 1% de chúrsaí tríú leibhéal ar fad. Sa Bhreatain Bheag, 25 bliain ó shin, ní raibh ach 3% de chúrsaí tríú leibhéal ar fáil i mBreatnais. Anois, tá breis agus 20% dá gcúrsaí i mBreatnais. Ba chóir go gcuirfidh an Rialtas plean fadtéarmach i bhfeidhm le cinntiú go múinfear 20% de chúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge. Sa 5 bliana amach romhainn, ba chóir don rialtas an céatadán de chúrsaí tríú leibhéal a ardú go 5% agus coimeád á n-ardú faoi 5% gach 5 bliain ar feadh fiche bliain nuair a bheidh sé ag 20%. Measann go leor mic léinn ó chúlraí Gaeilge go bhfuil sé dúshlánach aistriú chuig oideachas tríú leibhéal, áit a bhfuil an Béarla i réim. Tá sé mar aidhm ag an rialtas go mbeidh 20% den earnáil phoiblí ag obair trí mheán na Gaeilge faoi 2030, ach beidh sé sin deacair gan cúrsaí Gaeilge tríú leibhéal.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile céatadán na gcúrsaí Gaeilge a ardú ag an tríú leibhéal go 5% taobh istigh de 5 bliana, le cinntiú go mbeidh rath ar an sprioc 2030 de 20% den earnáil phoiblí a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge. Gan gníomhú láithreach agus pleanáil fhadtéarmach, tá baol ann go dteipfidh ar spriocanna an rialtais don Ghaeilge.**

# #Gaeilge4all

Níl ach 8% de dhaltaí bunscoile agus 4% de dhaltaí meánscoile ag freastal ar scoileanna trí mheán na Gaeilge, in ainneoin go ndéanann na scoileanna seo 8% agus 10% den iomlán, faoi seach. Tá laghdú 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine tagtha ar am teagaisc na Gaeilge ó chreatchuraclam na bliana 2023, rud atá ina míbhuntáiste do dhaltaí níos déanaí. Níl aon chistí chun cúrsaí tríú leibhéal a ardú chun oibleagáidí teanga a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 & 2021. Tá easpa cosaintí ann don Ghaeloideachas i dTuaisceart Éireann chomh maith. Ba chóir go rachadh beartas cuimsitheach i ngleic leis na bearnaí seo. Ba chóir don Aire Oideachais próiseas comhairliúcháin a thosú, ina mbeidh aighneachtaí chuig an NCCA, cruinnithe poiblí maidir le gnéithe den bheartas agus cruinnithe a eagrú leis na páirtithe leasmhara ó na hearnálacha Gaeilge agus oideachais agus eile mar chuid den chomhairliúcháin.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile chun dul i ngleic leis an mbearna trí bheartas chuimsitheach sa chóras oideachais a chruthú ón réamhscoil chuig an tríú leibhéal a luaithe agus a chuirtear tús leis an téarma.**

# Scoláireachtaí Gaeltachta

Soláthraíonn an Ghaeltacht timpeallacht uathúil maidir le tumadh isteach sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann. É sin ráite, níl aon scoláireachtaí náisiúnta ná cúrsaí tiomnaithe do mhic léinn tríú leibhéal ar bhonn náisiúnta, tá an tacaíocht reatha dírithe ar dhaltaí dara leibhéal nó ar dhaoine fásta. Tá cúnamh airgeadais teoranta do mhaoiniú ó institiúidí aonair agus dóibh siúd atá ag déanamh staidéar ar an nGaeilge, fágann sin go mbíonn go leor mic léinn tríú leibhéal gan aon rogha inrochtana. Chun deis comhionann a chinntiú, ba chóir go mbeadh mic léinn tríú leibhéal in ann páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeltachta gan aon srian airgeadais orthu nó gan an gá staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile cúrsaí a chruthú do mhic léinn tríú leibhéal chun am a chaitheamh sa Ghaeltacht nó a bheith ag staidéar ann agus scoláireachtaí a sholáthar dóibh chun freastal ar chúrsaí dá leithéid.**

# Mic Léinn ó Oideachas trí Mheán na Gaeilge

Maidir le mic léinn ó chúlraí Gaeilge, cé acu más ón nGaeltacht iad nó ó oideachas trí mheán na Gaeilge, is minic a bhíonn deacrachtaí suntasacha acu ag aistriú chuig oideachas tríú leibhéal trí mheán an Bhéarla. Cuireann an t-easpa géar cúrsaí trí Ghaeilge leis na deacrachtaí sin, agus fágtar go leor mic léinn ag streachailt chun dul i dtaithí. Tá sé ríthábhachtach go mbunófaí cláir ionduchtaithe trí mheán na Gaeilge agus go n-ardófaí líon na gcúrsaí tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile cláir ionduchtaithe trí mheán na Gaeilge a chur i bhfeidhm agus infhaighteacht cúrsaí tríú leibhéal a mhúintear trí mheán na Gaeilge a leathnú le cinntiú go mbeidh mic léinn ó chúlraí Gaeilge in ann aistriú chuig oideachas tríú leibhéal.**

# An Ghaeltacht

Tá ceantair Ghaeltachta ríthábhachtach chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chaomhnú ach bíonn dúshláin rompu amhail imirce de bharr easpa fostaíochta, go háirithe dóibh siúd ag críochnú an choláiste agus gur mhian leo bogadh abhaile chuig an nGaeltacht, tithíocht amhail gan aon treoirlínte tithíochta maidir le cead pleanála i gceantair Ghaeltachta agus easpa infheistíochta ón rialtas. Is bagairt é an treocht sin ar thodhchaí na gceantar seo agus thodhchaí na Gaeilge. Tá idirghabháil láithreach ón rialtas ag teastáil chun deiseanna fostaíochta a chruthú, chun seirbhísí a sholáthar, chun Treoirlínte Pleanála Gaeltachta a fheabhsú ionas go mbeidh an óige in ann fanacht sa cheantar.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile ciste thiomnaithe a bhunú agus chun infheistíocht a ardú chun na ceantair Ghaeltachta a chaomhnú do na glúnta amach anseo.**

# TEG

Bíonn scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) ag teastáil do chúrsaí áirithe (amhail múinteoireacht agus cúrsaí Gaeilge) agus éilítear táille idir €80 go €250 dóibh. Dá sholáthrófaí na scrúduithe seo gan aon chostas, chuirfí foghlaim na Gaeilge chun cinn agus dhéanfaí TEG inrochtana do chách. Ní mór TEG a chur i bhfeidhm mar cháilíocht i bhfad níos leithne freisin le cinntiú go bhfuil mic léinn atá céimeanna ar siúl acu sa teanga nó atá ag dul isteach i gcúrsaí a bhaineann leis an státseirbhís cáilithe sa teanga, go háirithe nuair a chuirtear an sprioc 20% san áireamh.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile scrúduithe TEG a dhéanamh saor in aisce i gcúrsaí ina bhfuil sé riachtanach agus é a úsáid níos minice i gcúrsaí, amhail cúrsaí trí Ghaeilge nó iontu siúd a bhaineann leis an státseirbhís.**

# Fuathchaint

Bíonn cainteoirí Gaeilge ag plé le leithcheal, fonóid agus ráitis mhaslacha i spásanna pobail agus ar líne, tá easnamh sonrach sa Bhille um Cheartas Coiriúil (Gríosú chun Foréigin nó Fuatha agus Cionta Fuatha), 2022 (An Bille Fuathchainte) maidir le cosaintí do chainteoirí Gaeilge. Teipeann ar dhlíthe reatha dul i ngleic leis an gcineál fuathchainte seo, rud a bhaineann de chultúr agus d'fhéiniúlacht na hÉireann agus den Ghaeilge féin.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile dlíthe fuathchainte a leasú ionas go n-áireofar an Ghaeilge mar thréith cosanta, mar aon le treoirlínte maidir lena chur i bhfeidhm agus córas maoirseachta agus tuarascála.**

## Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Dáil

Níl ach 3-5% de dhíospóireachtaí agus óráidí sa Dáil agus sa Seanad trí mheán na Gaeilge. Cé go bhfuil ranganna ar fáil d'oifigigh tofa atá ag iarraidh a gcumas sa Ghaeilge a chur chun cinn, tá úsáid na Gaeilge i nósanna imeachta parlaiminteacha teoranta. Cuireann Dáil Éireann ateangaireacht bheo ar fáil agus tugann sé sin deis d'aon TD nach dtuigeann an Ghaeilge chun éisteacht le ceisteanna agus freagraí i mBéarla. Tá sé tábhachtach do TDanna go gcaitheann siad an fearas cinn a sholáthraítear le linn díospóireachtaí ionas go bhfuil siad in ann an díospóireacht a thuiscint agus a bheith rannpháirteach ann.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile gealltanas a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge i seisiúin pharlaiminteacha a chur chun cinn trí shainordú a thabhairt do gach TD úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge nó a bheith rannpháirteach i ranganna Gaeilge a thairgtear sa Dáil.**

## Ranganna Gaeilge saor in aisce

Sa Bhreatain Bheag, tá rochtain ag daoine atá 18 go 25 bliain ar ranganna Breatnaise, tionscnamh rathúil a chuireann an teanga agus a hoidhreacht chun cinn i measc na n-óg. Ba chóir scéim comhchosúil a thabhairt isteach in Éirinn atá dírithe ar mhic léinn tríú leibhéal agus daoine óga. Chinnteodh sé caomhnú agus fás na Gaeilge i measc glúnta amach anseo agus chuirfeadh sé deireadh leis an mbac costais a chuireann cosc ar go leor daoine a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim na Gaeilge.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile scéim ranganna Gaeilge saor in aisce a thabhairt isteach do dhaoine óga agus mic léinn tríú leibhéal ar fud an chontae.**

## An Tuaisceart

Is é Foras na Gaeilge an comhlacht trasteorann atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud oileán iomlán na hÉireann agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Bunaíodh Foras na Gaeilge faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta sa bhliain 1998 agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le húsáid na Gaeilge a chaomhnú ar fud na hÉireann. Ba chóir go n-oibreodh Rialtas na hÉireann i gcomhar le Feidhmeannach Thuaisceart Éireann le tacaíocht agus maoiniú leanúnach Fhoras na Gaeilge a chinntiú. Tá cur i bhfeidhm ceart Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 ríthábhachtach, lena n-áirítear coimisinéir teanga neamhspleách a bhunú agus comharthaíocht dhátheangach a chinntiú i ngach spás poiblí. Tá na céimeanna seo riachtanach do chur chun cinn agus caomhnú éifeachtach na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile cur chun cinn na Gaeilge a neartú i dTuaisceart Éireann trí obair i gcomhar le Feidhmeannach Thuaisceart Éireann agus bunú coimisinéara teanga a spreagadh sa Tuaisceart, mar aon le maoiniú Fhoras na Gaeilge a chur i bhfeidhm arís ón dá rialtas.**

## Oibleagáidí Gaeilge IAnna

Caithfidh an rialtas tacú le hInstitiúidí Ardoideachais (IAnna) maidir lena n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh, go háirithe leo siúd atá níos laige i leith na Gaeilge. Ba chóir go n-áireofaí sa tacaíocht sin, ach gan a bheith teoranta chuig, Oifigigh Ghaeilge agus foireann riaracháin a earcú, córais ríomhaireachta nua a chur i bhfeidhm chun déileáil leis an Síneadh Fada agus comharthaíocht agus margaíocht dhátheangach a chinntiú.

- **Tá AMLÉ/USI ag tathant ar an gcéad rialtas eile maoiniú a bheidh curtha i leataobh a sholáthair chun cuidiú le IAnna a n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh.**

# Coiste Gnó AMLÉ 2024-2025

| | |
|---|---|
| Uachtarán | Chris Ó Clúmháin |
| Leas Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla | Brian Ó Mathúna |
| Leas Uachtarán um Leas | Niamh Ní Dhochartaigh |
| Leas Uachtarán um Fheachtais | Nathan Ó Murchú |
| Leas Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht | Aoife Ó Heidhin |
| Leas Uachtarán don Ghaeilge | Bláithín Nic a t-Sithigh |
| Leas Uachtarán um Ghnóthaí Iarchéime | Sarah Nic Giolla Phádraig |
| Leas Uachtarán do Réigiún an Teorainn, Lár Tíre agus an Iarthair | Criostóir Stíobhard |
| Leas Uachtarán do Réigiún Átha Cliath | Emma Ní Mhanacháin |
| Leas Uachtarán do Réigiún an Deiscirt | Niamh Ní Chinnéide |
| Uachtarán AMLN-AMLÉ | Ben Ó Frighil |

Rinneadh an aighneacht seo a chur in eagar ag Nathan Ó Murchú, Leas Uachtarán um Fheachtais AMLÉ.

Ba mhaith leis an Eagarthóir buíochas a ghabháil as rannpháirtíocht agus ról na mball de Chomhairle Náisiúnta, Foireann AMLÉ, agus eagraíochtaí comhpháirtíochta i bhforbairt an Fhorógra.

Dhein Seirbhísí Aistriúcháin DCU an forógra seo a aistriú.

©2024 Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Gach Ceart ar Cosaint.

Union of Students in Ireland
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*



www.usi.ie